Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FIOS FOGHLAMA
FEABHRA 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán Feabhra d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,

Gaoth an Earraigh chugaibh. Agus muid i mí Feabhra, bímis ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríde, Lá Fhéile Vailintín agus teacht an Earraigh. Is deis iontach é seo chun fuinneamh úr a thabhairt dár gcleachtas agus leanúint leis an obair luachmhar atá ar bun cheana féin.

Tá ábhar praiticiúil san eagrán seo le húsáid sa rang, chun tacú libh i bhforbairt na Gaeilge agus i gcur chun cinn na foghlama ardchaighdeáin. Tá súil againn go mbainfidh sibh úsáid as na hacmhainní seo i rith na míosa agus go mbeidh siad ina spreagadh daoibh.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

AG SAIBHRIÚ NA GAEILGE
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Oide

Ag Saibhriú na Gaeilge
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Dáta	Ionad
6 Feabhra 2026	~~Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar~~ (LÁN)
6 Feabhra 2026	~~Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí~~ (LÁN)
9 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Chill Dara
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach, BÁC
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh
6 Márta 2026	~~Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe~~ (LÁN)
13 Márta 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí

Tugtar cuireadh do bheirt (ceannaire scoile & múinteoir) ó gach bunscoil lán-Ghaeilge freastal ar an EFG seo.
Cuirfear clúdach ionadaíochta ar fáil, más gá.

oide.ie
@OidePrimGaeilge @oidegaelaonad

Tacóidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo (**lá iomlán aghaidh ar aghaidh**) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

- Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Tá cead ag ceannaire scoile amháin agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar an seimineár seo. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta ar fáil más gá.

Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

Beatha Teanga

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



I mír Beatha Teanga do mhí Feabhra, tugtar léargas ar bhealaí chun tacú le múinteoirí nua sa gcomhthéacs Tumoideachais ar nós córais mheantóireachta agus forbairt ghairmiúil, anuas ar seo sa mhír **Earcú Foirne agus Ceist na Gaeilge** dírítear ar an tábhacht atá le tuiscint a thabhairt ar Pholasaí na scoile maidir le Labhairt na Gaeilge na scoile d'iarrthóirí poist múinteoireachta i scoileanna Gaeltachta & Lán-Ghaeilge. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an múinteoir nua nach sa seomra ranga amháin a labhraítear an teanga ach freisin i ngach réimse de shaol na scoile lasmuigh den seomra ranga. An bhfuil suim ag do scoil fáil amach céard é dearcadh dhaltaí na scoile ar labhairt na Gaeilge nó dearcadh a dtuismitheoirí? Tá dhá leagan suirbhé ar leathanaigh 55 & 56 sa leabhrán Beatha Teanga, An Ghaeilge: Teanga na Cumarsáide, an Spraoi agus an tSóisialaithe.
Bainigí triail astu!

CREATCHURACLAM NA BUNSCOILE (CCB)

Táimid ag súil le bualadh libh don chéad cheann de dhá lá foghlama gairmiúla maidir le Creatchuraclam na Bunscoile (CCB) idir seo agus deireadh na scoilbhliana seo. Tá an chéad lá ar siúl an téarma seo agus an dara lá i dtéarma a trí 2025/2026.
Ar shuíomh Oide, gheobhaidh sibh doiciméid de cheisteanna coitianta, eolas do scoileanna chomh maith le doiciméid tacaíochta maidir le téarmaíocht an churaclaim athfhorbartha.



Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:
https://oide.ie/irish-medium/baile/primary/acmhainni/

Oide



BÉALOIDEAS BEO
LÁ 'LE BRÍDE AR INIS MEÁIN

Chuaigh Béaloideas Beo go hInis Meáin ar Lá Fhéile Bríde chun iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht agus nósanna do mhuintir an oileáin.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo:
https://www.tg4.ie/en/player/play/?pid=5997327246001&title=L%C3%A1%20%27le%20Br%C3%ADde%20ar%20Inis%20Me%C3%A1in&series=Rogha%20M%C3%ADr&genre=TG4&pcode=

PODCHRAOLADH NA MÍOSA

E6: Éagsúlacht Scoile, Comhpháirtíochtaí agus Cruthaitheacht

San eipeasóid seo labhraíonn Pól Hansard (Príomhoide) agus Dr. Michael Finnearan (Léachtóir) faoi na difríochtaí idir tionchair a gcúlra oideachais féin, an tábhacht a bhaineann le huathúlacht gach scoile a aithint, an gá atá le solúbthacht sa churaclam, ról na gcomhpháirtíochtaí san oideachas agus an luach a bhaineann le cruthaitheacht a chothú i bpáistí.

Éist leis anseo:
https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/ongoing-primary-developments/podcast/

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

SEANFHOCAL NA MÍOSA

SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh crosta le cat fiáin
Chomh cantalach le mála easóg
Chomh dall le cearc san oíche
Chomh socair le huan
Chomh saothrach le beach
Chomh haerach le féileacán
Chomh cruinn le gráinneog
Chomh glic le sionnach

ACMHAINN NA MÍOSA

Leabhrán Sheachtain na Gaeilge







Tá neart cluichí agus acmhainní ar fáil sa leabhrán seo chun tacú le múinteoirí le linn Sheachtain na Gaeilge.

Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:
https://oide.ie/irish-medium/baile/primary/acmhainni/

curaclam ar líne
curriculum online

Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí

Forbraíodh Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí le múinteoirí. Tugann na Samplaí seo léargas ar an gcaoi a n-oibríonn múinteoirí le torthaí foghlama chun cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a mhúineann siad, na cineálacha na cineálacha gníomhaíochtaí, na eispéiris agus an oideolaíocht a úsáideann siad, agus an fhaisnéis a bhailíonn siad ar cé chomh maith agus atá ag éirí le leanaí ina gcuid foghlama teanga.

Téacsanna Inste ó Bhéal (Scoil Ghaeltachta) — Faisnéis Tacaíochta

Cúlra

Sa Sampla seo feicimid Rang 3 agus Rang 4 i Scoil Ghaeltachta. Tá 26 páiste sa seomra ranga. Tugtar tús áite don Ghaeilge agus múintear gach ábhar, taobh amuigh den Bhéarla, trí mheán na Gaeilge. Feictear cruthaitheacht, guth agus samhlaíocht na bpáistí á gcothú agus iad ag cruthú téacsanna inste agus á léiriú do lucht éisteachta.

Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Baineann an múinteoir leas as an **gcur amach atá aige ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim**. Aithníonn sé go bhfuil tuiscint ag na páistí ar sheánra na hinste agus go bhfuil bunús maith acu maidir leis an struchtúr a bhaineann leis. Tuigeann sé an spéis atá acu i gcúrsaí drámaíochta agus cruthaitheachta agus nascann sé an t-eolas atá acu ar an dráma 'Tír na nÓg' le fócas na foghlama.

Agus é ag tarraingt ar an **gcur amach atá aige ar an gcuraclam**, aithníonn an múinteoir na Torthaí Foghlama ar mhaith leis díriú orthu, chomh maith le naisc is féidir a dhéanamh thar ghnéithe agus snáitheanna. Tagann na Torthaí Foghlama a roghnaíodh thíos ón snáithe **Teanga ó Bhéal**.

Torthaí Foghlama	Fócas na foghlama
TF 9: Aithinsint agus mionléiriú	Cruthóidh na páistí scéalta simplí ó bhéal i ngrúpaí a mbeidh tarraingteach don lucht éisteachta
TF 10: Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach	Úsáidfidh na páistí stór focal go spraíúil agus go cruthaitheach ina dhéacsanna
TF 2: Inspreagadh agus rogha	Beidh rogha ag na páistí na téacsanna a chur in iúl ó bhéal nó a léiriú, éisteidh siad le téacsanna a chéile agus treagróidh siad dóibh

Cuireann an **cur amach ar oideolaíocht** atá ag an múinteoir leis an bhfoghlaim agus an teagasc. Baineann an múinteoir úsáid as réimse leathan oideolaíochtaí éagsúla lena n-áirítear **an cur chuige cumarsáideach, an fhoghlaim chomhoibritheach**, agus baineann sé leas as **cumas cruthaíochta** na bpáistí. Tacaíonn tuiscint an mhúinteora ar an ábhar leis chomh maith chun eispéiris foghlama fhiúntacha agus spéisiúla a fhorbairt.

Ár ítear leis an **ullmhúchán dofheicthe** an tuiscint atá ag an múinteoir ar réamheolas, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí agus an machnamh a dhéanann sé ar an taithí atá aige féin ar théacsanna a chruthú. Áirítear leis an **ullmhúchán infheicthe** na hacmhainní a úsáideann sé chun tacú le rannpháirtíocht agus foghlaim na bpáistí ar fad; m.sh., an leabhar, na gléasanna teicneolaíochta agus an tacaíocht a thugann sé do na páistí le linn an eispéiris foghlama; ag éisteacht, ag athghuthú, ag ceistiú, srl. San **ullmhúchán taifeadta** a dhéanann sé, díríonn sé ar na Torthaí Foghlama i gcomhréir leis na Contanaim Dul chun Cinn.

De réir mar atá na páistí i mbun eispéiris shaibhre foghlama teanga chun na Torthaí Foghlama seo a bhaint amach, bíonn **príomhinniúlachtaí** á bhforbairt acu ag an am céanna, mar atá leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile. Aithnítear anseo na príomhinniúlachtaí is ábhartha san eispéireas foghlama seo:

- a bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid trí théacsanna a chruthú
- a bheith cruthaitheach trí shamhlaíocht a úsáid ina gcuid téacsanna

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile ar fáil ag www.curriculumonline.ie





Tá **'Faisnéis Tacaíochta'** ag gabháil le gach sampla a sholáthraíonn níos mó sonraí faoi chomhthéacs na scoile agus an tseomra ranga, agus na roghanna a dhéanann an múinteoir maidir le foghlaim na bpáistí a ullmhú, a theagasc agus a mheas. Tá roinnt ceisteanna machnamhach iontu freisin a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit agus tú ag smaoineamh ar do chleachtas féin.

Tuilleadh eolais agus ábhair thacaíochta ar fáil **https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/**

LEABHAR NA MÍOSA

Óstán na bhFeithidí
le hÁine Ní Ghlinn



Léiriú álainn agus ceiliúradh ar shaol na bhfeithidí atá thart orainn. Sa leabhar seo, tagann feithidí éagsúla isteach san óstán chun codladh a dhéanamh, agus tugtar léargas socair agus gleoite ar a saol teaghlaigh ina gcodladh. Tá dánta beaga ag an údar a thugann ainm agus pearsa do na feithidí, agus léiríonn siad iad ar bhealach gleoite agus taitneamhach. Le stíl shimplí ealaíonta, aithneoidh léitheoirí an téama ó Ag Buzzáil sa Ghairdín, agus má thaitin an leabhar sin leat, beidh grá agat don eispéireas álainn seo chomh maith.

Éist le Seosamh Mac Seoin ag léamh an scéal anseo:
https://www.youtube.com/watch?v=2u-pfK30mfg

IMEACHT NA MÍOSA

Club Cleite na Múinteoirí

Oide

FIGHTING WORDS
The write to right.

Club Cleite na Múinteoirí

Áit don scríobh 'is don chomhrá

Tá **Oide Creativity**, i gcomhar le **Fighting Words**, ag cur sraith ceardlann ar fáil **ar line** atá oscailte do gach múinteoir.
Tugann an tsraith seo de cheardlanna deis do rannpháirtithe:

- Tabhairt faoin **scríbhneoireacht chruthaitheach** ar bhealaí éagsúla
- Am a chur go leataobh dá scríbhneoireacht féin
- Dul i mbun spraoi le smaointe agus/nó le hobair atá idir lámha acu
- Éisteacht le aoi-scríbhneoirí gairmiúla agus deis a fháil a gcuid scríbhneoireachta a phlé leo
- Comhoibriú chun cur chuige scríbhneoireachta a phlé a thacóidh lena gcleachtas gairmiúil sa seomra ranga

Dáta	Am	Ionad
Déardaoin, 5 Feabhra	7:00 p.m. - 8:30 i.n.	Ar line tri Zoom le Fighting Words
Dé Céadaoin, 4 Márta	7:00 p.m. - 8:30 i.n.	Ar line tri Zoom le hAnna Heussaff
Déardaoin, 16 Aibreán	7:00 p.m. - 8:30 i.n.	Ar line tri Zoom le hAlex Hijmans

Is úrscéalaí i **Anna Heussaff** a scríobhann do léitheoirí fásta agus don aos óg.Bronnadh mórdhuais i gComórtais an Oireachtais ar a leabhair agus bronnadh Gradam Speisialta na Moltóirí ar Hóng ag duaiseanna Leabhair Phóiléí Éireann/CBI. Craolann sí ó am go chéile ar chúrsaí litríochta agus ar chúrsaí reatha.

Bronnadh gradaim litreartha Oireachtais ar shaothair **Alex Hijmans**, idir fhicsean agus neamhfhicsean. Rugadh Alex Hijmans san Ísiltír. D'thoghlaim sé an Ghaeilge i nGleann Cholm Cille, ar an gCeathrú Rua agus i nGaillimh. Tá an t-úrscéal Aiséirí ainmnithe ar liosta '50 Irish Books' de chuid na heagraíochta Contemporary Irish Writing.

Tabhair faoi deara: Ní mór do rannpháirtithe a bheith ar fáil le freastal ar gach seisiún ar line.Tá áiteanna gann agus cuirfear liosta feithimh i bhfeidhm. Cláraigh ag www.creativity.oide.ie
Ó 2009 i leith, tá Fighting Words ag tabhairt ceardlanna cruthaitheacha spreagúla do dhaoine ar fud na hÉireann. Le 20 sulomh anois ar fud na tíre, is cinnte go bhfuil ionad Fighting Words gar duit!
www.fightingwords.ie

www.oide.ie

Tuilleadh eolais ar fáil anseo:
https://www.creativity.oide.ie/

FIGHTING WORDS
The write to right.

DÁN NA MÍOSA

An Gabhar sa Scoil

Isteach sa scoil shiúil seanghabhar
Is shuigh síos ar stól;
Thóg sé fód as lár na tine
Is d'ith sé é mar lón

As a phóca thóg sé leabhairín grinn,
Is thosaigh sé ag léamh;
Rinne sé rince dúinn ansin,
'S a mheigeall thuas san aer.

D'ól sé dúch as buidéal,
Is thaitin sé leis, ar ndóigh.
Chuir sé píopa cré 'na bhéal,
Is chaith sé é go beo.

Ag dul amach an doras dó
Chaoch sé súil amháin;
"Is iontach an áit an scoil," ar sé,
"Ach b'fhearr liom bheith i bpáirc.

le Seán Mac Fheorais

Oideas - Pancóga Blasta



Comhábhair

- 175g plúr geal
- 3 ubh
- 450ml bainne
- gráinnín salainn
- Ola don chócaireacht

Dóthain do 8 bpancóg mhór thanaí



Treoracha:

1. Criathraigh an plúr agus an salann i mbabhla. Déan poll i lár.
2. Buail na huibheacha agus an bainne le chéile.
3. Doirt isteach de réir a chéile iad agus measc go dtí go mbeidh fuidreamh mín agat.
4. Clúdaigh agus fág sa chuisneoir ar feadh 30 nóiméad.
5. Téigh friochtán neamh-ghreamaitheach le braon ola.
6. Doirt sraith tanaí fuidrimh isteach agus cócaráil ar feadh nóiméad amháin.
7. Cas an pancóg agus cócaráil an taobh eile go dtí go bhfuil sé órdhonn.
8. Déan arís leis an gcuid eile den fhuidreamh. Coinnigh te más gá.

Is féidir na rudaí seo a leanas a chur leo:

Siúcra & líomóid
Banana & mil
Subh & Im
Seacláid leáite

Chomh maith leis an gcócaireacht a bheith taitneamhach, cuidíonn oidis le foghlaim traschuraclaim freisin — matamaitic chun na comhábhair a thomhas, litearthacht nuair a leanaimid treoracha, agus tugann siad deis stair a fhiosrú nuair a fhéachaimid ar bhunús an bhia.

EALAÍN NA MÍOSA

Lá Fhéile Vailintín

Sa fhíseán seo ó **Ar Scoil Le Chéile,** ina bhfuil ceacht ealaíne álainn ann do Lá Fhéile Vailintín. Bain sult as!

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://youtu.be/e6k1tNecSs8

Lá Fhéile Vailintín

Beannachtaí na Féile Vailintín ort!
Lá Fhéile Vailintín sona duit!
Is tú mo Vailintín!
Grá mo chroí thú!
A stóirín/ A thaisce!
Táim go mór i ngrá leat!
Táim dúnta i ngrá leat!

CUNTAS INSTAGRAM AN GHAELAONAID

Tá lúcháir ar Fhoireann an GhaelAonaid go bhfuil cuntas Instagram an GhaelAonaid ar an bhfód anois. Bí cinnte sinn a leanúint don nuacht is déanaí agus chun teacht ar réimse acmhainní agus tacaíochtaí don seomra ranga.

Lean sinn tríd an gcód MF nó déan cliceáil anseo.

OIDEGAELAONAD

Séanadh: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.